

An Painéal Saoránach Eorpach um an Saol Fíorúil

Seisiún 1

24.02.2023-26.02.2023



Painéal Saoránach Eorpach
An saol fíorúil
Nocht do Thuairim

1. Forléargas

Is éard atá sa Phainéal Saoránach Eorpach um an Saol Fíorúil painéal ar a bhfuil 150 saoránach a roghnaíodh go randamach, agus atá le teacht le chéile le haghaidh trí sheisiún. Bhí an chéad seisiún ar siúl an 24-26 Feabhra 2023 sa Bhruiséil agus cuireadh an t-ábhar agus comhthéacs an phainéil i láthair ann. Chuir saoránaigh aithne ar a chéile agus thosaigh siad ag iniúchadh na topaice trí chleachtadh a bhí dírithe ar a dtaithe ar 'an saol digiteach'. Ansin chuir siad fíis le chéile de na rudaí ba cheart a bheith i saol fíorúil inmhianaithe cothrom (útóipe) agus de na rudaí nár cheart a bheith ann (diostóipe). Chomh maith leis sin, bhailigh na saoránaigh ceisteanna tábhachtacha chun go mbeadh tuiscint níos fearr acu ar an ábhar.

Lá 1 (Dé hAoine)

Ó tharla gurb é an 24 Feabhra anuraidh an lá a rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin, thosaigh an painéal le nóiméad a bhí tiomanta do ghuthanna ó chúigear saoránach Úcránach a chomhroinn a dtaithe phearsanta le bliain anuas. Dubravka Šuica, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, a chuir tús oifigiúil leis an nóiméad.

Chuir na príomh-mhodhnóirí agus ionadaithe an Choimisiúin Eorpaigh fáilte roimh na saoránaigh. Ba iad sin: Ard-Stiúrthóir na Cumarsáide, Pia Ahrenkilde Hansen agus Stiúrthóir na Sonraí in AS CONNECT, Yvo Volman, a thug forléargas ar chreat an phainéil. Chun tuilleadh eolais a thabhairt do na saoránaigh maidir leis an bplé ina dhiaidh sin, thug Gaëtane Ricard-Nihoul, Leas-Cheann Aonaid Aonad Chomhphlé na Saoránach, an Coimisiún Eorpach, forléargas tapa ar institiúidí an Aontais, chomh maith leis an bpróiseas cinnteoireachta agus reachtach. Ina dhiaidh sin, chuir Rehana Schwinninger-Ladak, Ceann Aonaid, AS CONNECT, an Coimisiún Eorpach, topaic an tSaoil Fíorúil isteach agus tuilleadh sonraí leis.

Tar éis an tseisiúin iomlánaigh choitinn sin, thug an leathchuid de na saoránaigh cuairt ar thaispeántas mar ar fhoghlaim siad níos mó agus mar a bhfuair siad taithe ar shamplaí nithiúla agus cásanna úsáide den saol fíorúil. Rinne an leathchuid eile acu machnamh ar na himeachtaí, na cuimhní cinn agus an nuacht is tábhachtaí a bhain leis an 'saol digiteach' le 30 bliain anuas ina saol pearsanta, ach do shochaithe na hEorpa i gcoitinne chomh maith, trí chleachtadh inar chruthaigh siad amlíne choiteann. Bhí speisialtóirí den lucht acadúil agus den lucht beartais i láthair chun tuairim a thabhairt i leith na hamlíne agus chun léargas leathan a thabhairt óna bpeirspictíocht féin.

Lá 2 (Dé Sathairn)

Dé Sathairn, d'oibrigh na saoránaigh i 12 mheitheal chomhthreomhara a ndearnadh ateangaireacht chomhuaineach orthu, agus rinne éascaitheoirí cleachta iad a éascú. Sa chéad sliotán den lá, dhírigh an plé grúpa ar thaithe na saoránach roimhe seo a bhaineann leis an saol digiteach agus fíorúil. Bhí na saoránaigh in ann an dearcadh, an eagla agus an dóchas faoin ábhar sin a phlé.

Tar éis an tsosa lóin, thosaigh saoránaigh ag obair ar a gcuid físeanna do thodhchaí an tsaoil fíorúil. Chun é sin a dhéanamh, shamhlaigh siad Saol Fíorúil Eorpach 2050 ar dtús agus an tionchar dearfach agus diúltach a bheadh aige ar na gnéithe éagsúla de shaol na saoránach. Ag deireadh an lae, léirigh siad an fhís seo de Shaol Fíorúil na todhchaí trí dhá cholláis a chruthú a léiríonn an fhís dhiostóipeach agus an fhís útóipeach den todhchaí sin.

Lá 3 (Dé Domhnaigh)

Maidin Dé Domhnaigh, rinne an grúpa machnamh ar a bhfís. Phléigh siad freisin an t-eolas a bheadh ag teastáil uathu chun moltaí daingne a fhorbairt don Choimisiún Eorpach.

Tar éis sos caife, tháinig gach saoránach ar ais sa seisiún iomlánach inar chuir 3 ghrúpa a roghnaíodh go randamach a bhfís i láthair do chách. Ansin, thug grúpa fuirseoirí tuairimí i leith na n-ábhar mór a phléigh na saoránaigh agus d'fhreagair comhaltaí an Choiste Eolais an cheist a chuir saoránaigh le linn phlé na bhfoghrúpaí. Thug na príomh-mhodhnóirí ráitis deiridh agus chuir siad clabhsúr ar an imeacht.

2. Clár oibre gearr

Dé hAoine an 24 Feabhra SEISIÚN IOMLÁNACH	
14:30 – 15:00	Fáilte ón Leas-Uachtarán um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht, Dubravka Šuica. Bliain amháin ó ionradh na Rúise ar an Úcráin
15:00 – 15:30	Óráidí tosaigh don Phainéal Saoránach leis na daoine seo a leanas: Ard-Stiúrthóir na Cumarsáide, Pia Ahrenkilde Hansen Stiúrthóir na Sonraí in AS CONNECT, Yvo Volman.
15:30 – 16:00	Réamhrá ar ábhar an Phainéil
16:00 – 16:30	Sos caife
16:30 – 19:00	Obair sa seisiún iomlánach (Gasperi) agus an taispeántas (Ionad Cuairteoirí) ag an am céanna Fanadh an leathchuid de na rannpháirtithe sa seisiún iomlánach; téadh an leath eile tríd an taispeántas. Athraítear na grúpaí tar éis uair an chloig.

Dé Sathairn an 25 Feabhra MEITHLEACHA	
09:30 – 11:00	Machnamh agus taithí a chomhroinnt
11:00 – 11:30	Sos caife
11:00 – 12:30	An Saol Fíorúil: An méid atá ar eolas againn
12:30 – 14:15	Sos lóin
14:15 – 15:45	Físeanna a fhorbairt
15:45 – 16:15	Sos caife
16:30 – 18:00	Físeanna a fhorbairt

Dé Domhnaigh an 26 Feabhra SEISIÚN IOMLÁNACH	
09:15 – 10:15	Meithleacha: ceisteanna a bhailiú
10:15 – 11:15	Sos caife agus aistriú na ngrúpaí go léir go dtí foirgneamh Charlemagne
11:15 – 11:45	Seisiún iomlánach: Físeanna na ngrúpaí a chur i láthair
11:45 – 13:15	Seisiún iomlánach: Babhta plé agus drámaíocht
13:15 – 13:45	Cur i láthair faoi ardán Hyperfair agus clabhsúr

3. Liosta na speisialtóirí rannpháirteacha

Le linn an chéad seisiúin, bhí na speisialtóirí seo a leanas rannpháirteach:

An Coimisiún Eorpach:

1. **Gaëtane Ricard-Nihoul**, Leas-Cheann Aonaid Aonad Chomhphlé na Saoránach, an Coimisiún Eorpach

2. **Rehana SCHWINNINGER-LADAK**, an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta, Lucsamburg

Seachtrach:

1. **Fabien BÉNÉTOU**, saineolaí neamhspleách WebXR, an Bheilg
2. **Cathrine HASSE**, Ollscoil Aarhus, an Roinn Oideachais, an Danmhairg
3. **Franck STEINICKE**, Ollscoil Hamburg, Roinn na Faisnéisíochta, an Ghearmáin
4. **Mariëtte VAN HUIJSTEE**, Institiúid Rathenau, an Ísiltír
5. **Sara Lisa VOGL**, ealaíontóir réaltachta fíorúla, Women in Immersive Technologies Europe, an Danmhairg

Iarscríbhinn

- Iarscríbhinn 1: Grianghraif den fhís